# Aighneacht

# Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023 – 2027

# Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Samhain 2022

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023 - 2027.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.
Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.
Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.
Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.
Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## STRAITÉIS CHULTÚIR AGUS CHRUTHAITHEACHTA 2023 - 2027

Is iad seo na tagairtí sa Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023 – 2027 https://consult.waterfordcouncil.ie/en/consultation/creative-waterford-strategy-2023-2027-0 a bhaineann leis an nGaeilge agus an nGaeltacht.

'Bhí páirt lárnach ag Oifig Ghaeilge Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i bhforbairt an Phlean Ghaeilge a ceadaíodh le déanaí i gcomhair Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá raon aidhmeanna agus cuspóirí sa phlean maidir le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa bhaile, ag díriú ar theaghlaigh agus ar dhaoine óga, ar an earnáil ghnó agus ar sholáthraithe oideachais ach go háirithe. Leis na gníomhaíochtaí sa Phlean, cothófar agus spreagfar cruthaitheacht i gcur chun cinn ár dteanga dúchais i nDún Garbhán agus leanfaidh Oifig na Gaeilge / CCCPL de thacú leis an gcoiste áitiúil, Dún Garbhán le Gaeilge agus leis an Oifigeach Pleanála Teanga atá le ceapadh go luath, chun an Plean Teanga a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.' (lth. 10)

'Ceiliúraimid traidisiúin Phort Láirge, na cinn dhúchasacha agus na cinn a thóg daoine nuathagtha leo: tá an fhianaise air sin le feiceáil sna logainmneacha, sa cheol agus sna hamhráin, san ealaín agus sa tuiscint arfhéiniúlacht atá againn. Cuirimid fáilte roimh an deis chun an tuiscint ar áit dhúchais agus an fhéiniúlacht a neartú dóibh siúd a chónaíonn i bPort Láirge agus chun traidisiúin nua a fhorbairt atá fréamhaithe san áit seo.

Léirítear an Ghaeilge go follasach inár logainmneacha(e.g Aird Mhór) ach léirítear stair na Lochlannach, Normannachna Sasanach freisin. Is daingean Lochlannach í CathairPhort Láirge agus léiríonn na logainmneacha feadh an chósta, amhail Baile Gunnair agusHeilbhic, an nasc sin le

Críoch Lochlann. Léiríonn An Baile Nua (Villierstown i mBéarla) agus Bruachaill (Mount Congreve i mBéarla)na heastáit talún atá scaipthe ar fud thírdhreach Phort Láirge.' (lth. 22)

'Tá Port Láirge ar cheann de na seacht gcontae ina bhfuil ceantar Gaeltachta, áit a bhfuil an Ghaeilge agus an oidhreacht chultúrtha mar chuid lárnach den saol laethúil. Tá an nasc sin leis an nGaeilge ina fhoinse ollmhór cruthaitheachta agus mórtas áite I bPort Láirge. Is tosaíocht sa straitéis iad na deiseanna a chuireann sin ar fáil i gcomhair ár bPobal Cruthaitheach.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar ár ndaoine agus ar sheandálaíocht, déantáin, seanchas agus stair na Cathrach agus an Chontae, faightear oidhreacht shaibhir a spreagann an chruthaitheacht. An tosaíocht atá againn ná ligean dár bpobail ní hamháin a dtuiscint ar áit dhúchais agus ar fhéiniúlacht a fhiosrú tríd an gcruthaitheacht, ach chun cuidiú le tuiscint níos láidre ar fhéiniúlacht Phort Láirgea fhorbairt.'

'GNÍOMHARTHA - Tacú le tionscadal cruthaitheach i nGaeilge gach bliain' (lth. 23)

## ÉIRE ILDÁNACH

Tá sé ráite sa straitéis 'Trína bheith rannpháirteach i gClár Éire Ildánach, tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in ann pleanáil straitéiseach a dhéanamh chun comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt le pobail agus raon leathanpáirtithe leasmhar ar fad a chinnteofar go dtabharfar aitheantas don chruthaitheachtmar ghné riachtanach i bhforbairt rathúil ár ngeilleagair, ár sochaí agus ár bhfolláine.' (lth. 19)

Seo a luaitear i gClár Éire Ildánach
https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Creative-Ireland-Programme.pdf 'Beidh leibhéal feabhsaithe comhordaithe, fócais agus ceannaireachta i gceist le Éire Ildánach i ndáil le polasaithe agus tionscnaimh atá ann cheana ar fud an rialtais náisiúnta agus áitiúil, gníomhaireachtaí Stáit, san earnáil cultúir agus ealaíon, in eagraíochtaí Gaeltachta agus Gaeilge agus cuirfidh an clár naisc ar fáil chuig na hearnálacha gnó príobháidigh agus NGO.' (lth. 14)

'Tacú le húsáid na Gaeilge, lena ngabhann pobail bheoga Ghaeltachta agus le líonraí eile teanga' (lth. 15)

'Chomh maith leis na Príomhranna Rialtais agus na struchtúir rialtais áitiúil i measc páirtnéirí eile atá páirteach in Éire Ildánach beidh an earnáil tríú leibhéal, eagraíochtaí ealaíon agus cultúir (lena n-áirítear na Forais Náisiúnta Cultúir), eagraíochtaí meán cumarsáide, an Chomhairle Ealaíon, an Chomhairle Oidhreachta, Bord Scannán na hÉireann, Fiontraíocht Éireann, IDA Éireann, Turasóireacht Éireann, Fáilte Ireland, Bord Bia, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Údarás na Gaeltachta, An Foras Teanga, Comhairle Dearthóireachta agus Ceardaíochta na hÉireann, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus eagraíochtaí eile sna hearnálacha ealaíon, cultúir, Gaeilge, oideachais, forbartha leanaí, deartha, eolaíochta agus teicneolaíochta.' (lth. 32)

Tá Conradh na Gaeilge sásta cuidiú le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023 – 2027 leis an Ghaeilge a chur chun cinn i gContae Phort Láirge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

## STRAITÉIS CHULTÚIR AGUS CHRUTHAITHEACHTA 2018 - 2022

Seo iad na tagairtí den Ghaeilge agus Ghaeltacht i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022 https://www.creativeireland.gov.ie/app/uploads/2019/12/Waterford.pdf

'Déantar tagairt inti do thábhacht na hoidhreachta cultúir agus na Gaeilge agus déantar tagairt inti chomh maith do léiriú cruthaitheach agus d'fhéiniúlachtaí cultúrtha pobal nua trína bhfeabhsaítear agus trína saibhrítear an timpeallacht chultúrtha.' (lth. 16)

'Deiseanna ionchasacha maidir le clár i nGaeilge a fhorbairt le Nemeton tv srl.' (lth. 21)

'Cabhróidh sé sin le leibhéal uilechuimsitheachta níos airde a fhorbairt sna pobail, léireoidh sé féiniúlachtaí sonracha agus cultúir shonracha i gceantair éagsúla sa chontae (m.sh. Gaeilge i gceantair Ghaeltachta, an oidhreacht nádúrtha i réigiúin chósta srl), tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le taisteal ó cheantair thuaithe go dtí an chathair – áit a mbíonn gníomhaíochtaí cultúir ar siúl de ghnáth– agus cruthófar lucht féachana / éisteachta áitiúil le haghaidh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta, rud a chuirfidh nascacht nádúrtha ar fáil leis an éiceachóras cultúrtha níos leithne ar fud an chontae.' (lth. 21,22)

| 'Tosaíocht 2 | Buaic-imeachtaí Éire Ildánach | Freagracht | Bliain an tSoláthair | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| 2.1. | Dul i mbun oibre le Seirbhís Leabharlannaíochta / Oidhreachta chun clár staire béil a fhorbairt agus a sholáthar do phobail ar fud Phort Láirge.' (lth. 30,31) | Leabharlanna /Oidhreacht /Cartlann /Gaeilge /Seachfhoinsigh | Q2 | Q2 | Q2 | Q2 | Q2 |

Níl aon tuairisc mhonatóireachta ar dul chun cinn Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022 agus mar sin ní féidir pleanáil ceart a dhéanamh ar an straitéis nua.  Ní féidir a mheas ar céard atá ag obair agus céard nach bhfuil ag obair sa straitéis.  Is gá tuairisc mhonatóireacha a dhéanamh roimh a ullmhaítear an straitéis nua.

## PLEAN TEANGA NA DÉISE 2018 - 2024

Tá go leor gníomhaíochtaí i bPlean Teanga na nDéise 2018 – 2024 https://udaras.ie/assets/uploads/2020/05/Plean-Teanga-na-nDe%CC%81ise-2018-2024-Dre%CC%81acht-5.0.pdf a ba chóir a bheith lárnach i Straitéis Chultúir agus Cruthaíochta Phort Láirge 2023 – 2027 ó leathanach 102 go leathanach 113.  Seo sampla de na gníomhaíochtaí sin:

'Beart A: Ealaíontóir Cónaitheach
Beart B: Imeachtaí Chultúrtha
Beart C: Nasc Cultúrtha le Tír Cheilteach
Beart D: Scéim Ullmhúcháin
Beart E: Aitheantas do Shaibhreas Cultúrtha an Cheantair'

Is gá a chinntiú go bhfuil buiséad ann chun na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm.

## STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010 - 2030

Is gá Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 https://assets.gov.ie/88781/d586a02a-1395-4f0e-88c0-835b9b236654.pdf a thógáil san áireamh an straitéis nua a chruthú.

‘Léiríonn na torthaí tacaíocht ollmhór do chaomhnú na Gaeilge: tá 52.5% ag iarraidh go gcaomhnófaí an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus go ndéanfaí í a athbheochan lena húsáid sna healaíona agus sa chultúr lasmuigh den Ghaeltacht’ (lth. 5)

‘Soláthar Sainábhar Cuirfear seirbhísí in oideachas áineasa (mar na hamharcealaíona agus na taibh-ealaíona) lasmuigh de churaclam foirmiúil na scoileanna san áireamh i bpleananna teanga ceantar áitiúil le linn bhlianta na bunscoile.’ (lth. 13)

‘Déanfar na pleananna sin a chomhtháthú le Pleananna Teanga Contae agus áireofar leo ionaid shóisialta agus ionaid acmhainní a fhorbairt.’ (lth. 24)

‘Chun cur le cumas daoine an Ghaeilge a léamh agus a scríobh, tá gá le smaointeoireacht nua a sháraíonn an focal ar phár. Ní mór don pholasaí amach anseo aird a thabhairt ar na deiseanna atá ann naisc a dhéanamh idir forbairtí sna healaíona, sna meáin, sa teicneolaíocht agus san oideachas agus cur chomh maith leis na múnlaí traidisiúnta a úsáidtear chun ábhar a chruthú agus a scaipeadh. Ní mór modhanna traidisiúnta agus nuálacha araon a úsáid chun leas a bhaint as na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a léamh agus a scríobh, lena n-áirítear táirgeadh meán clóite agus litríochta sa teanga, agus úsáid na teanga san oideachas, sa chultúr agus in áineas.’ (lth. 26)

‘Déanfar gach tionscnamh Gaeilge lena mbaineann dualgas sonrach i leith na n-ealaíon, lena n-áirítear drámaíocht agus na healaíona traidisiúnta, a phleanáil agus a fhorbairt mar chuid de straitéis ealaíon lárnach idir an Roinn Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.’ (lth. 28)

‘Tá an Ghaeilge ina hinspioráid ag roinnt mhaith foirmeacha ealaíon nuaaimseartha lena n-áirítear litríocht, ceol agus amharclannaíocht.’ (lth. 30)

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON GHAEILGE 2018 - 2022

Arís tá an Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018 – 2022 https://assets.gov.ie/88777/91975ffd-d649-4c62-a3fd-1626d4ac09d1.pdf mar an chlár beartas don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030. Is gá é seo a thógáil san áireamh freisin sa straitéis nua.

‘2.5.1.2. Na hEalaíona In 2016, seoladh Éire Ildánach: Cultúr 2025, an chéad chreatpholasaí riamh d’earnáil an chultúir in Éirinn. Leagtar amach sa doiciméad sin, fís agus creat uileghabhálach don am atá le teacht agus leagtar amach ann na réimsí tosaíochta a ndíreofar orthu sna blianta atá romhainn. Is as seo a d’eascair Clár Éire Ildánach, Clár Iarmhartach an Rialtais d'Éire 2016. Is tionscnamh cúig bliana uileRialtais é, ó 2017 go 2022, a bhfuil straitéis folláine ina chroílár. Tá sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an teacht a bhíonn ag daoine ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta i ngach contae ar fud na tíre. I measc na bpríomhluachanna atá ag tacú leis an dá pholasaí seo, tá: ‘A thábhachtaí atá an Ghaeilge, ár n-oidhreacht chultúrtha, ár dtraidisiún béil, ár gcluichí agus ár gceol, agus a uathúla atá ár gceantair Ghaeltachta’ Is dlúthchuid den teanga iad na healaíona agus is mór an tionchar atá acu ar chothabháil na Gaeilge, ar stádas agus íomhá teanga, ar chothú agus ar bhuanú pobail teanga, ar dhearcadh daoine i leith na Gaeilge agus ar sheachadadh agus ar shealbhú teanga chuig an gcéad ghlúin eile. Tá cúrsaí teanga, na meáin, an teicneolaíocht, na healaíona agus cúrsaí cultúir i gcoitinne fite fuaite lena chéile sa lá atá inniu ann. Tá ról lárnach ag an teanga i saol cultúrtha na tíre agus tá súil go ndéanfar an ról sin a dhaingniú de bhun Chlár Éire

Ildánach. Mar a bhaineann sé leis na ceantair Ghaeltachta, cuirtear cúnamh caipitil agus reatha ar fáil tríd an gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga chun tacú leis na healaíona trí mhaoiniú caipitil a chur ar fáil d'ionaid ealaíon pobail, do ghrúpaí pobail, scoileanna agus do chompántais drámaíochta ar nós Fíbín. Ina theannta sin, ar ndóigh, cuirtear maoiniú reatha ar fáil don eagraíocht Ealaín na Gaeltachta a fheidhmíonn faoi scáth Údarás na Gaeltachta, chun clár leathan gníomhaíochtaí a riar ar mhaithe le tacú leis na healaíona trí chéile sna ceantair Ghaeltachta.' (lth. 63)

'2.5.2. Tábla na nGníomhaíochtaí

**Réimse Gnímh 5: Na Meáin agus an Teicneolaíocht**

**NA H-EALAÍONA**

| **Uimh. Gníomh** | **Ceanneagraíocht** | **Amscála** |
|---|---|---|
| 5.41 Leanfar leis an tacaíocht don Chumann Scoildrámaíochta, ar mhaithe le féilte drámaíochta chun drámaí as Gaeilge a chur chun cinn ar fud na tíre, i measc scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile. | CS RCOG | Ar bhonn leanúnach |
| 5.43 Déanfar scéimeanna de chuid Fhoras na Gaeilge, amhail Scéim na bhFéilte, Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, Scéim na dTionscadal Litríochta, na Scéimeanna Meantóireachta do scríbhneoirí agus Scéim na Foilsitheoireachta a chur chun feidhme chun an cultúr agus an chruthaitheacht agus gréasáin Ghaeilge a chothú. | FnaG | 2018 ar aghaidh |
| 5.44 Tabharfar faoi líon na siopaí leabhar a dhíolann leabhair Ghaeilge trí Sheirbhísí Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge – ÁIS – a mhéadú agus ardófar líon na leabhar Gaeilge a dhíoltar i siopaí leabhar in Éirinn agus thar lear trí thionscadal margaíochta leabhar. | FnaG | 2018 ar aghaidh |
| 5.46 Maidir le tacú tuilleadh le forbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht, leanfar leis an tacaíocht do na healaíona sa Ghaeltacht agus déanfar tuilleadh acmhainní a sholáthar d'Ealaín na Gaeltachta Teo chun cur ar a cumas clár forbartha a sholáthar i gcomhar le páirtithe leasmhara a bheidh dírithe ar chur chun cinn na nealaíon Gaeilge agus Gaeltachta, mar aon le réimsí de Chlár Éire Ildánach a fheidhmiú, mar a bhaineann leis an nGaeilge. | RCOG<br>ÚnaG<br>CE<br>EnaG | 2018 ar aghaidh |
| 5.47 Déanfar Straitéis chomhtháite ealaíon a fhorbairt le haghaidh ealaíona na Gaeltachta agus na Gaeilge i gcomhar le páirtithe leasmhara, lena náirítear Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, an Chomhairle Ealaíon agus TG4 a bheidh dírithe:<br>• ar chomhordú agus chomhoibriú níos fearr a chinntiú i bhforbairt na nealaíon Gaeltachta agus Gaeilge<br>• ar na caidrimh i measc na bpáirtithe leasmhara a threisiú tuilleadh<br>• ar phróifíl na nealaíon Gaeltachta agus Gaeilge a mhéadú agus a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta | RCOG<br>ÚnaG<br>CE<br>EnaG<br>FnaG<br>OnaG<br>TG4 | 2018 |

• ar dheiseanna a aimsiú chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na healaíona Gaeltachta agus Gaeilge agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu.

| | | |
|---|---|---|
| 5.48 Leanfar ag tacú le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht tríd an gcúnamh caipitil a chuirtear ar fáil faoin gClár Tacaíochtaí Pobail agus Teanga de chuid na Roinne. | RCOG<br>ÚnaG<br>CE<br>EnaG | 2018 ar aghaidh |
| 5.49 Cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil chun na healaíona a chothú agus a chur chun cinn i measc na hÓige sa Ghaeltacht ar mhaithe le tacú le cur chun cinn an phróisis pleanála teanga agus an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 - 2022 araon. | RCOG<br>EnaG<br>TnaG | 2018 ar aghaidh |

**FÉILTE**

| | | |
|---|---|---|
| 5.50 Leanfar de bheith ag cur tacaíocht mhaoinithe ar fáil i gcomhar leis an gceanneagraíocht chuí chun deiseanna a chur ar fáil chun tacú le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta.' (lth. 63 – 68) | FnaG<br>OnaG | 2018 - 2021 |

## STRAITÉIS NÁISIÚNTA D'EALAÍONA TEANGABHUNAITHE NA GAEILGE

Cé nach bhfuil an Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge foilsithe go fóill, chur Conradh na Gaeilge aighneacht isteach don straitéis seo. Beadh na moltaí san aighneacht sin ina cuidiú do Straitéis Chultúir agus Cruthaitheachta Phort Láirge 2023 – 2027. https://peig.ie/wpcontent/uploads/2020/01/20Noll2019_Aighneacht_Stra%CC%81ite%CC%81is_Ealai%CC%81ona_Teangabhunaithe.pdf

## CONCLÚID

Is gá tuairisc mhonatóireachta a dhéanamh ar conas ar éirigh le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 – 2022 roimh a ndréachtaítear an straitéis nua. Is gá cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta a thabhairt san áireamh i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023 – 2027, go háirithe agus Gaeltacht na nDéise agus Baile Seirbhíse Gaeltachta Dhún Garbháin faoi chúram Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Mar chuid de sin is gá Clár Éire Ildánach, Plean Teanga na nDéise 2018 – 2024, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 agus Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018 – 2022 a thógáil san áireamh le dréachtú an straitéis seo.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil má tá aon cheist ann i dtaobh an aighneacht seo.